

Polasaí Úsáid Twitter Sheirbhís Tacaíochta Scoileanna na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí

Cé sinne

Is sainseirbhís tacaíochta um fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna í an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí. Is í an aidhm atá againn tac le scoileanna agus iad ag cur i bhfeidhm an Chreata nua don tSraith Shóisearach trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar ardchaighdeán a sholáthar do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí, agus trí acmhainní éifeachtacha teagaisc agus foghlama a sholáthar.

Is féidir teacht ar an gcuntas lárnach Twitter de chuid na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí ag @JCforTeachers

Tá seacht gcuntas eile Twitter ag an SSM atá nasctha le foirne áirithe laistigh den tseirbhís. Is é seo an liosta reatha díobh sin:

@jctBusiness
@jctEnglish
@jctGaeilge
@jctL2LP

@jctMFL
@jctScience
@JctVisualArt

Is baill lánaimseartha le seirbhís tacaíochta an SSM a dhéanann na cuntais éagsúla a riar.

Má leanann tú sinn, gheobhaidh tú tvuíteanna maidir le:

- Preaseisiúintí ar ghníomhaíochtaí an SSM
- An SSM ag teacht os comhair na meán
- Fógraí faoi inneachar nua ar shuíomh gréasáin an SSM
- Nuacht agus an t-eolas is déanaí do scoileanna & do mhúinteoirí
- Eolas praiticiúil eile ar sheirbhísí atá ar fáil ón SSM

Grúpaí a leanaimid

Má leanann tusa sinn, ní gá go gciallódh sé sin go leanfaimid tusa ar ais.

Freagraí

Is mar uirlis 'chraobhscaoilte' is mó a úsáideann an SSM twitter chun eolas a roinnt le daoine a bhfuil suim acu i gcúrsaí oideachais. Ar an drochuair ní i gcónaí a bheidh muid ábalta freagraí nó aiseolas eile a thabhairt dár lucht leanúna.

Ó am go chéile b'fhéidir go roinneadh an SSM tvuíteanna ó eagraíochtaí eile agus/nó go ndéanfadh siad athghiolcadh orthu. Is é cuspóir na dtvuíteanna seo plé agus díospóireacht a spreagadh agus, mar sin de, níor chóir breathnú ar aon trácht ná atvuíteáil den chineál sin mar ráiteas tacaíochta corparáideach don eagraíocht sheachtrach sin.

Ní shamhlaítear teachtaireacht le twitter ina teagmháil leis an SSM ar chúinsí oifigiúla agus níl iallach orainn monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar eolas a fhaightear trí twitter ná freagra a thabhairt orthu. Is é an modh is fearr chun fiosrúchán a dhéanamh leis an SSM teagmháil a dhéanamh linn ar ár gcuntas r-phoist ag: info@jct.ie

Má chuireann tú tvuít againn ná bíodh aon fhaisnéis phearsanta/phríobháideach agat le do phostáil.